An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta
An Cathaoirleach

9.4.2025

An tUasal Johan Van Overtveldt
Cathaoirleach
An Coiste um Buiséid
AN BHRUISÉIL

Ábhar: Tuairim ar Shlógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Díláithrithe – EGF/2024/003 BE/Van Hool - an Bheilg (2025/0061(BUD))

A Chathaoirligh, a chara,

Faoin nós imeachta dá dtagraítear thuas, tá iarrtha ar an gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta tuairim a chur faoi bhráid do choiste agus chinn sé an tuairim a sheoladh i bhfoirm litreach.

Rinne an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta breithniú ar an ábhar ag an gcruinniú a bhí aige an 9 Aibreán 2025. Ag an gcruinniú sin, chinn sé an tuairim a leagtar amach thíos a chur faoi bhráid an Choiste um Buiséid, mar an coiste freagrach.

Le dea-mhéin,

Li Andersson

TUAIRIM

A. De bhrí, an 29 Deireadh Fómhair 2024, gur chuir an Bheilg iarratas isteach chun an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) a shlógadh i gcomhréir le hAirteagal 8(1) de Rialachán (AE) 2021/691 (Rialachán CED), tar éis díláithriú in Van Hool NV sa Bheilg, san earnáil eacnamaíoch a aicmítear faoi NACE Athbhreithniú 2 rannán 29 (Monarú mótarfheithiclí, leantóirí agus leathleantóirí); de bhrí go bhfuil na hiomarcaíochtaí a rinne Van Hool lonnaithe i réigiún NUTS 2 de Provincie Antwerpen (BE21).

B. de bhrí gur chuir an Bheilg an t-iarratas isteach faoi na critéir idirghabhála in Airteagal 4(2), pointe (a), de Rialachán CED, a cheanglaíonn go scoirfí de ghníomhaíocht 200 oibrí díláithrithe nó duine féinfhostaithe ar a laghad thar thréimhse thagartha 4 mhí (sa chás seo ón 8 Aibreán 2024 go dtí an 8 Lúnasa 2024), i bhfiontar i mBallstát, lena n-áirítear oibrithe a díláithríodh i soláthraithe agus i dtáirgeoirí iartheachtacha; de bhrí, tar éis measúnú a dhéanamh ar an iarratas sin, gur tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, i gcomhréir leis na forálacha uile is infheidhme de Rialachán CED, go gcomhlíontar na coinníollacha chun ranníocaíocht airgeadais a dhámhachtain ó CED;

C. de bhrí go mbaineann an t-iarratas le 2 411 oibrí díláithrithe (tairbhithe incháilithe) a bhfuil a ngníomhaíocht scortha sna hearnálacha eacnamaíocha a léirítear thuas;

D. de bhrí, an 26 Márta 2025, gur ghlac an Coimisiún togra le haghaidh cinneadh maidir le CED a shlógadh i bhfabhar na Beilge chun tacú le hath-lánpháirtiú 2 397 dtairbhí spriocdhírithe sa mhargadh saothair;

E. de bhrí go mbaineann na díláithrithe in Van Hool le tosca éagsúla amhail tionchar phaindéim COVID-19 ar éileamh cóiste agus tionchar an chogaidh san Úcráin ar struchtúr costais; de bhrí, idir 2012-2019, go raibh meándíolacháin 427 n-aonad sa bhliain ag Van Hool san Eoraip, ach gur laghdaigh díolacháin go 287 n-aonad in 2020 agus go 128 in 2021; de bhrí gur thit brabúis dá bharr sin go mór agus gur chuir boilsciú méadaitheach agus briseadh sa slabhraí soláthair tuilleadh brú ar chorrlaigh an fhiontair; de bhrí gur tháinig feabhas ar an díolachán in 2022 agus in 2023, agus d'fhan siad ar leibhéil a bhí gar do leibhéil 2020 nó faoina mbun; de bhrí nár sroicheadh leibhéil na ndíolachán roimh an bpaindéim riamh, agus gur dhearbhaigh Cúirt Tráchtála Mechelen go raibh Van Hool féimheach an 8 Aibreán 2024; de bhrí mar thoradh air sin, go ndearnadh iomarcach 2 411 oibrí;

F. de bhrí, de réir Chónaidhm Fhiontair na Beilge (VBO), go bhfuil drochbhail ar thionscal na Beilge faoi láthair; de bhrí, sa chéad leath de 2024, gur cailleadh níos mó ná 5 000 post san earnáil tionsclaíochta mar gheall ar athstruchtúrú agus ar fhéimheacht cuideachtaí amhail Decathlon, Pfizer, Barry Callebaut, Audi agus Sappi;

G. de bhrí go bhfuil an chuid is mó d'iaroibrithe Van Hool ina gcónaí in Lier (Ceantar Mechelen i Réigiún Antuairp) agus sna bardais máguaird; de bhrí, go traidisiúnta, go raibh ról tábhachtach ag an earnáil tionsclaíochta in Lier agus gurb é sin an fáth a bhfuil tionchar suntasach ag an meath tionsclaíoch ar mhargadh saothair Lier; de bhrí go raibh níos mó ná 25% de na poist in Lier nasctha leis an tionsclaíocht in 2020. de bhrí, 3 bliana ina dhiaidh sin, in 2023, áfach, go raibh laghdú níos mó ná 3 phointe céatadáin

tagtha ar an gcéatadán céanna; de bhrí gur chuir dúnadh an fhiontair isteach go mór ar an margadh saothair áitiúil mar in Aibreán 2024, an mhí ina ndearna Van Hool iarratas ar fhéimheacht, tháinig méadú 32% ar an dífhostaíocht in Berlaar, 23% in Heist-op-den-Berg, 17% in Nijlen agus 14% in Lier, rud a d'fhág gur dífhostaithe a bhí duine as gach deichniúr cónaitheoirí in aois oibre in Lier agus Berlaar de réir na seirbhísí fostaíochta Pléimeannach (VDAB);

H. de bhrí gur chuir an Bheilg in iúl gur tarraingíodh suas an pacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta, i gcomhlíonadh Airteagal 7(4) de Rialachán CED; de bhrí go bhfuil ceardchumainn agus eagraíochtaí fostóirí rannpháirteach i ngníomhaíochtaí VDAB ar gach leibhéal;

I. de bhrí nach mó CED ná uasmhéid bliantúil EUR 30 milliún (i bpraghsanna 2018), mar a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027;

dá bhrí sin, iarrann an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta ar an gCoiste um Buiséid, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a chomhtháthú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. ag meabhrú gurb é cuspóir CED dlúthpháirtíocht le tairbhithe a léiriú agus tacú leo; á mheas gur cheart ranníocaíochtaí airgeadais ó CED a dhíriú go príomha ar bhearta gníomhacha beartais an mhargaidh saothair agus ar sheirbhísí pearsantaithe arb é is aidhm dóibh tairbhithe a lánpháirtiú go mear i bhfostaíocht atá cuibhiúil agus inbhuanaithe laistigh nó lasmuigh dá n-earnáil gníomhaíochta tosaigh; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé oibrithe a ullmhú agus tacú leo in aistrithe glasa agus digiteacha gheilleagar agus shochaí na hEorpa, a bhfuil géarghá leo; ag athdhearbhú, sa chomhthéacs sin, an róil thábhachtaigh atá ag an Aontas, lena n-áirítear trí CED, i rannchuidiú le maoiniú na gcáilíochtaí is gá don aistriú cóir i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip;

2. ag aontú leis an gCoimisiún go bhfuil na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 4(2), pointe (a), de Rialachán CED comhlíonta agus go bhfuil an Bheilg i dteideal EUR 7 999 015 de ranníocaíocht airgeadais a fháil faoin Rialachán sin, arb ionann í agus 85% den chostas iomlán EUR 9 410 607, a chuimsíonn EUR 9 034 607 de chaiteachas ar sheirbhísí pearsantaithe agus EUR 376 000 de chaiteachas ar ghníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistíochta, faisnéise agus poiblíochta, rialaithe agus tuairiscithe;

3. ag tabhairt dá haire gur thug an Bheilg na dearbhuithe uile is gá gur comhlíonadh na ceanglais a leagtar síos i reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht AE maidir le comhiomarcaíochtaí agus go n-urramófar prionsabail na córa comhionainne agus an neamh-idirdhealaithe i rochtain ar na bearta beartaithe agus ina gcur chun feidhme;

4. ag tabhairt dá haire go bhfuil i bhfad níos lú deiseanna ag oibrithe ar bheagán oiliúna agus níos sine dul isteach arís i margadh an tsaothair sa réigiún agus gurb iad na grúpaí leochaileacha sin is déine a bhuail na hiomarcaíochtaí in Van Hool; ag meabhrú phróifíl na n-oibrithe iomarcacha, agus duine as gach triúr oibrithe dífhostaithe os cionn 50 bliain agus tá oideachas meánscoile nó níos lú ag ochtar as deichniúr, agus scileanna atá

as dáta, agus á mheas, mar aon leis an treocht anuas i bhfolúntais agus i ndáileadh geografach na bhfolúntas sin, go mbeidh tacaíocht shaincheaptha bhreise ag teastáil ó na hoibrithe, go háirithe cúnamh spriocdhírithe lena ndírítear ar uas-sciliú agus ar athoiliúint, chun cabhrú leo aistriú chun na fostaíochta;

5. á chur i bhfáth, gur dheimhnigh an Bheilg nach bhfaigheadh na bearta arna dtacú le CECD aon ranníocaíochtaí airgeadais ó ionstraimí airgeadais eile de chuid an Aontais;

6. ag tabhairt dá haire gurb é atá sna seirbhísí pearsantaithe atá le soláthar do na hoibrithe ná na bearta seo a leanas: (a) Comhairleoir Idirghabhála Sóisialta (SIA) agus clárú oibrithe, (b) seirbhísí socrúcháin sheachtraigh (tacaíocht riaracháin agus shíceolaíoch, seisiúin mheasúnaithe phearsanta, measúnú scileanna digiteacha, cúnamh cuardaigh poist nó cúnamh le haghaidh féinfhostaíochta, comhairle ar chonarthaí fostaíochta a chaibidliú, etc.), (c) tacaíocht cuardaigh poist agus socrúchán poist, (d) gairmthreoir, (e) oiliúint, athoiliúint agus gairmoiliúint, agus (f) oiliúint san ionad oibre; á chur i bhfáth, i bhfianaise aois agus phróifíl oideachais na dtairbhithe a bhfuiltear ag díriú orthu, gur cheart riachtanais shonracha na ngrúpaí sin a chur i gcuntas agus seirbhísí pearsantaithe á soláthar;

7. á chur i bhfáth go háirithe a thábhachtaí atá Airteagal 7.2 de Rialachán CED, a cheanglaíonn go mbeidh pacáiste comhordaithe ann chun na peirspictíochtaí agus na scileanna riachtanacha sa mhargadh saothair amach anseo a réamh-mheas, ar nithe iad atá i gcomhréir leis an aistriú i dtreo geilleagar atá inbhuanaithe agus éifeachtúil ó thaobh acmhainní de agus fócas áirithe ann ar leathadh na scileanna is gá sa ré dhigiteach thionsclaíoch; á chur in iúl gur geal léi go n-áirítear in oiliúint TFC agus tacaíocht bhreise an phacáiste a thuartar laistigh de na seirbhísí socrúcháin sheachtraigh na scileanna sin go háirithe measúnú ar scileanna digiteacha agus forálacha d'oibrithe chun ríomhaire glúine a fháil ar iasacht, oiliúint a fháil ar conas é a úsáid agus freagraí a fháil ar a gceisteanna digiteacha;

8. ag meabhrú na féidearthachta atá ann le haghaidh bearta speisialta a bhfuil teorainn ama leo laistigh den phacáiste comhordaithe lena n-áirítear, inter alia, liúntais cúraim leanaí a íoc, mar a fhoráiltear in Airteagal 7.2 b de Rialachán CED, chun rannpháirtíocht cuardaitheoirí poist sna gníomhaíochtaí atá beartaithe a éascú.